Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7928/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0029(NLE)**

**SCH-EVAL 66**
**MIGR 113**
**COMIX 152**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Márta 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7237/23 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an **Íoslainn** ar *acquis* Schengen i réimse an **fhillte** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Íoslainn ar *acquis* Schengen i réimse an fhillte, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Márta 2023.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Íoslainn ar *acquis* Schengen i réimse an fhillte**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um meastóireacht agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe d'Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an fhillte i leith na hÍoslainne i mí na Bealtaine 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 130 ón gCoimisiún glacadh tuarascáil ina bhfuil na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh ag an Íoslainn chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, go háirithe Treoir 2008/115/CE, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1, 2, 4 agus 8 thíos.

1 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(3) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(4) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle[1] ón 1 Deireadh Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, na gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin a bhaineann leis na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta.

(5) Laistigh de 2 mhí tar éis a ghlactha, ba cheart don Íoslainn, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Íoslainn an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

go ndéanfaí an Íoslainn an méid seo a leanas:

1. a áirithiú go mbeidh leigheasanna dlíthiúla ar fáil ón tráth a eiseofar cinneadh um fhilleadh agus go léireofar an fhéidearthacht sin sa chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Threoir 2008/115/CE;

2. an reachtaíocht náisiúnta a leasú chun eisiúint toirmeasc ar theacht isteach a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Threoir 2008/115/CE agus an cleachtas náisiúnta a choigeartú dá réir sin;

3. an spriocghrúpa de chláir um fhilleadh deonach cuidithe agus ath-imeascadh, an spriocghrúpa sin a leathnú chun gach náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chumhdach, sin agus éifeacht iomlán a thabhairt d’Aithris 10 de Threoir 2008/115/CE;

4. foráil a dhéanamh maidir le córas faireacháin éifeachtach um fhilleadh éigeantach i gcomhréir le hAirteagal 8(6) de Threoir 2008/115/CE;

---

1 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

5. an dlí náisiúnta a leasú maidir le fad na dtoirmeasc ar theacht isteach chun a áirithiú go mbeidh fad cinnte ag toirmisc ar theacht isteach i gcomhréir le forálacha Threoir 2008/115/CE;

6. an reachtaíocht náisiúnta a leasú i gcomhréir le hAirteagal 3(7) de Threoir 2008/115/CE chun a áirithiú gur ar na critéir oibiachtúla arna mbunú sa dlí náisiúnta a bhunófar an measúnú i dtaobh an bhfuil baol éalaithe ag baint le náisiúnach tríú tír, agus ar na critéir sin amháin;

7. a áirithiú go gcinnfear fad na tréimhse le haghaidh imeacht deonach tar éis measúnú cás ar chás ina gcuirfear imthosca ábhartha uile chás an duine aonair san áireamh;

8. bearta a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear ordú coinneála chun críche aistrithe ar fáil i scríbhinn i gcónaí agus chun a áirithiú go bhféadfar achomharc a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Threoir 2008/115/CE;

9. príobháideachas leormhaith a áirithiú sa seomra leithlisithe a úsáidtear i gcás riosca tromchúiseach féindochair.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*